COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026
(OR. en)

AD 26/26

LIMITE

CONF-ME 15

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhsheasamh ón Aontas Eorpach<br>- Caibidil 2: Saorghluaiseacht oibrithe |

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

**Caibidil Chaibidlíochta 2: Saorghluaiseacht oibrithe**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;
- na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu ceann i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirtchomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;
- agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint de phróiseas an ailínithe le *acquis* an Aontais agus de bheith á chur chun feidhme agus á fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus molann sé dó go ginearálta, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh caibidlíochta AD 22/14 CONF-ME 17 agus AD 9/26 CONF-ME 8 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 2 mar atá i bhfeidhm ón 30 Márta 2026, agus go ndearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an acquis faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.



PUBLIC

**Rochtain ar mhargadh an tsaothair**

Tugann an tAontas dá aire go ndearna Montainéagró a reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le hAirteagal 45 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena leagtar síos go gcaithfear go cothrom le saoránaigh an Aontais agus le baill dá dteaghlaigh a mhéid a bhaineann le rochtain ar fhostaíocht, luach saothair agus dálaí oibre eile, agus go ndearna sé í a ailíniú le Treoir 2004/38/CE, Treoir 2014/54/AE agus Rialachán (AE) 492/2011 chomh maith. Tugann an tAontas dá aire go bhfágann na leasuithe a ghlac Montainéagró i dtaca leis an Dlí maidir le hEachtrannaigh go gcuirfear deireadh, ar dháta an aontachais leis an Aontas, leis na srianta uile arna gcur ar bhonn náisiúntachta maidir le rochtain shaoránaigh an Aontais ar mhargadh an tsaothair, sa tslí is go n-áiritheofar cóir chomhionann a mhéid a bhaineann le rochtain ar fhostaíocht agus go gcuirfear cearta na mball teaghlaigh tionlacain san áireamh freisin. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfágann na leasuithe is déanaí ar an Dlí Saothair go mbeidh cóir chomhionann ann i dtaobh fostaíochta, luach saothair agus dálaí eile oibre. Beidh feidhm ag an reachtaíocht náisiúnta ailínithe ón dáta a aontóidh Montainéagró don Aontas. Tá an tAontas ag súil go n-áiritheoidh Montainéagró nach bhféadfadh aon reachtaíocht náisiúnta nua nó reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana teacht salach ar Rialachán 492/2011, sa tslí is go n-éascófar cur chun feidhme an Rialacháin sin ó dháta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire gur ainmnigh Montainéagró am Cosantóir um Chearta an Duine agus Saoirsí mar an comhlacht náisiúnta a bhfuil de chúram air cóir chomhionann d'oibrithe an Aontais agus do bhaill a dteaghlach a chur chun cinn, tacú leis an gcóir sin, agus anailís agus faireachán a dhéanamh uirthi, ar cóir í a bheidh saor ó idirdhealú ar fhorais náisiúntachta agus ó shrianta nó baic gan údar ar an gceart chun saorghluaiseachta. Tá an tAontas ag súil go n-áiritheoidh Montainéagró go mbeidh na hinniúlachtaí ábhartha ag an gcomhlacht i gcomhréir le Treoir 2014/54/AE, mar aon leis na hacmhainneachtaí leordhóthanacha chun a mhisin a chomhlíonadh.

Tugann an tAontas dá aire go n-áirithítear leis an Dlí maidir le Státseirbhísigh agus Fostaithe Stáit go mbeidh an ceart chun fostaíochta sa státseirbhís ag náisiúnaigh an Aontais faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh Mhontainéagró, i gcomhréir le hAirteagal 45(4) CFAE agus le cásdlí infheidhme Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tugann an tAontas dá aire gur glacadh an Dlí maidir le Cistí Pinsin Deonacha, atá ag teacht le *acquis* an Aontais ó thaobh cearta pinsin fhorlíontaigh de.


PUBLIC

Measann an tAontas go bhfuil gá le bearta idirthréimhseacha i leith Mhontainéagró maidir le hAirteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) 492/2011, ar nós na mbeart idirthréimhseach a cuireadh i bhfeidhm i leith na Bulgáire, na Cróite, na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, Phoblacht na Seice, na Polainne, na Rómáine, na Slóvaice, na Slóivéine agus na hUngáire. Bainfidh na bearta idirthréimhseacha sin le saorghluaiseacht oibrithe mar a leagtar amach in Airteagal 45 CFAE agus in Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) 492/2011, chomh maith leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe mar a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 56 CFAE agus in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE. Is é a bheidh iontu, *mutatis mutandis*, teorainneacha ama, nósanna imeachta, sásraí agus coinníollacha atá cosúil leo sin a leagtar amach sa socrú idirthréimhseach maidir le saorghluaiseacht oibrithe sna Conarthaí Aontachais i dtaca leis na Ballstáit nua a d'aontaigh don Aontas Eorpach in 2004, 2007 agus 2013.

Mar sin féin, leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé nach gcaithfí le náisiúnaigh Mhontainéagró ná le baill dá dteaghlaigh ar shlí ar bith a bheadh neamhfhabhrach i gcomparáid leis an tslí a gcaitear le náisiúnaigh tríú tír nuair is ag feidhmiú a gceart faoin *acquis* atá na náisiúnaigh tríú tír sin.

**EURES**

Tugann an tAontas dá aire gur ghlac Montainéagró Plean Gníomhaíochta tiomnaithe um an líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES) (2025 go 2028) agus gur thosaigh sé ar ghníomhaíochtaí barrthábhachtacha a chur chun feidhme, mar atá, meithleacha a bhunú, an próiseas Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) a sheoladh, acmhainneachtaí acmhainní daonna a neartú, agus ullmhúcháin tosaigh TF a dhéanamh.

Tá an tAontas ag súil go n-áiritheoidh Montainéagró nach bhféadfadh aon reachtaíocht náisiúnta nua ná reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana teacht salach ar Rialachán 2016/589 (EURES) ná ar Chinntí Cur Chun Feidhme 2017/1255, 2018/170, 2017/1257, 2017/1256, 2018/1020 agus 2018/2021 ón gCoimisiún, sa tslí is go n-éascófar lánfheidhmiú EURES ó dháta an aontachais.



PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn a rinneadh maidir le heagrú agus feidhmiú na Gníomhaireachta Náisiúnta Fostaíochta mar an phríomhinstitiúid bainistithe EURES. Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh Montainéagró na modhnuithe teicniúla, eagraíochtúla agus riaracháin uile is gá i gcrích, lena n-áirítear comhairleoirí EURES agus foireann na hOifige Náisiúnta Comhordúcháin atá laistigh den Ghníomhaireacht Náisiúnta Fostaíochta a cheapadh agus a oiliúint. Ina theannta sin, ní mór uasghráduithe TF a chur chun feidhme chun go bhféadfaidh Montainéagró páirt iomlán a ghlacadh i líonra EURES faoi dháta an aontachais.

PUBLIC

**Comhordú na gcóras slándála sóisialta**

Tugann an tAontas dá aire gur glacadh an Plean maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta i Montainéagró (2026 go 2028), darb aidhm struchtúr institiúideach soiléir a bhunú agus na hacmhainneachtaí riaracháin agus airgeadais a neartú chun an acquis a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil le rannpháirtíocht Mhontainéagró sa Mhalartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta.

Tá an tAontas ag súil go n-áiritheoidh Montainéagró nach mbeidh aon reachtaíocht náisiúnta nua nó aon reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana ag teacht salach ar Rialacháin 883/2004, 987/2009 agus 1231/2010, sa tslí is go n-éascófar comhordú feidhmiúil na gcóras slándála sóisialta ó dháta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire creat institiúideach feidhmiúil Mhontainéagró maidir leis an gcomhordú idirnáisiúnta sa tslándáil shóisialta, creat atá bunaithe ar 26 chomhaontú dhéthaobhacha, lena n-áirítear 16 chomhaontú le Ballstáit den Aontas. Déantar foráil sna comhaontuithe sin maidir le nósanna imeachta riaracháin, aonaid eagraíochtúla speisialaithe agus saineolas oibríochtúil maidir le sonraí a mhalartú ar bhonn trasteorann agus cearta a shocrú i réimsí éagsúla slándála sóisialta.

Tá an tAontas ag súil go leanfaidh Montainéagró de na réitigh TF is gá a thabhairt isteach le haghaidh an mhalartaithe leictreonaigh, d’oiliúint a chur ar oifigigh i dtaca le bheith ag obair i dtimpeallacht an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta, agus róil agus freagrachtaí na n-institiúidí rannpháirteacha a shainiú faoi dháta an aontachais.

Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh Montainéagró neartú breise ar na hacmhainneachtaí agus na hacmhainní riaracháin, teicniúla agus airgeadais is gá a bheith ag na húdaráis inniúla d'fhonn an *acquis* a chur i bhfeidhm mar is ceart i ndáil le comhordú na gcóras slándála sóisialta faoi dháta an aontachais leis an Aontas Eorpach, agus aird ar leith á tabhairt ar na cumais theicniúla agus eagraíochtúla chun an Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta a rochtain agus a oibriú.

**An Cárta Eorpach um Árachas Sláinte**

Tugann an tAontas dá aire, agus é ag ullmhú chun an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS) a thabhairt isteach, go ndearna Montainéagró measúnú tionchair, gur chuir sé an CEÁS san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta i Montainéagró (2026 go 2028) agus gur bhunaigh sé an creat dlíthiúil agus na hacmhainneachtaí institiúideacha agus riaracháin, lena n-áirítear struchtúir eagraíochtúla le haghaidh árachas sláinte idirnáisiúnta, agus go ndearnadh poist a chórasú agus folúntais a líonadh i gCiste Árachais Sláinte Mhontainéagró. Tá gníomhaíochtaí ar siúl chun na hacmhainneachtaí riaracháin, eagraíochtúla agus TF a neartú chun cur chun feidhme éifeachtach agus ullmhacht oibríochtúil a áirithiú.

Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh Montainéagró tuilleadh feabhais ar an gCóras Comhtháite Faisnéise Sláinte atá ann cheana agus go ndéanfaidh sé é a oiriúnú chun an CEÁS a eisiúint agus a chur i bhfeidhm.

Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé do Mhontainéagró a áirithiú go mbeidh acmhainneachtaí teicniúla leordhóthanacha ag Ciste Árachais Sláinte Mhontainéagró ó thaobh an bhonneagair is gá, bainistiú éifeachtach sonraí agus dhigitiú éifeachtach an chórais faisnéise de, agus go mbeidh acmhainní riaracháin leordhóthanacha aige ó thaobh an struchtúir eagraíochtúil, próisis oibre inmheánacha, oiliúint agus forbairt agus leibhéil foirne de.

Tá an tAontas ag súil go n-áiritheoidh Montainéagró, faoi dháta an aontachais, go ndéanfar an buiséad a leithdháileadh go hiomchuí agus go ndéanfaidh sé measúnuithe costais críochnúla le haghaidh na n-aisíocaíochtaí a dhéanfar amach anseo.


PUBLIC

Measann an tAontas go n-áiritheoidh Montainéagró nach bhféadfadh aon reachtaíocht náisiúnta nua ná aon reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana teacht salach ar fhorálacha dlíthiúla ábhartha maidir leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte, go háirithe: Cinneadh Uimh. S1 an 12 Meitheamh 2009 a bhaineann leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte agus Cinneadh Uimh. S2 an 12 Meitheamh 2009 a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla an Chárta Eorpaigh um Árachas Sláinte, faoi dháta an aontachais.

**Cigireacht saothair**

Tugann an tAontas dá aire iarrachtaí Mhontainéagró acmhainneachtaí institiúideacha, daonna agus teicniúla a Chigireachta Saothair a neartú, lena n-áirítear glacadh an Phlean Gníomhaíochta um Neartú Acmhainneachtaí na Cigireachta Saothair (2025 go 2027). Measann an tAontas go n-earcóidh Montainéagró cigirí saothair breise i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta.

Measann an tAontas go n-áiritheoidh Montainéagró nach bhféadfadh aon reachtaíocht náisiúnta nua ná aon reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana teacht salach ar Rialachán 2019/1149 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, sa tslí is go n-éascófar cur chun feidhme an rialacháin ó lá an aontachais.

Measann an tAontas go n-áiritheoidh Montainéagró go mbeidh acmhainneacht theicniúil leordhóthanach ag na heintitis a bhfuil sé beartaithe go gcomhoibreoidh siad agus go dtacóidh siad leis an Údarás Eorpach Saothair, agus go gcuirfear oiliúint leordhóthanach orthu agus go mbeidh foireann leordhóthanach acu chun na cúraimí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le hÚdarás Eorpach Saothair agus na struchtúir cheapacháin (Comhalta agus comhalta malartach den Bhord Bainistíochta, mar a leagtar amach in Airteagal 17, agus an tOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh arna ainmniú de bhun Airteagal 32) a chumhdach faoi dháta an aontachais. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a chothú, lena n-áirítear do náisiúnaigh tríú tír ar postú. Measann an tAontas go n-oibreoidh Montainéagró go dlúth leis an Údarás Eorpach Saothair.

**I bhfianaise an mhéid thuas, is é tátal an Aontais gur comhlíonadh ceanglais an tagarmhairc deiridh maidir le rochtain ar an margadh saothair, EURES, Comhordú Slándála Sóisialta agus an CEÁS, a leagtar amach sa chomhsheasamh ón Aontas (AD 25/17 CONF-ME 10).**


PUBLIC

* * *

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá a thuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Dearbhaíonn an tAontas go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha ar fad a luaitear thuas d'fhonn cumas riaracháin Mhontainéagró a áirithiú, agus a chumas an *acquis* sa chaibidil seo a fhorfheidhmiú agus a chur chun feidhme agus an t-ailíniú reachtach a thabhairt chun críche a áirithiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró leis an *acquis* agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis* agus a chumas riaracháin a neartú.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 22/14 ADD 1 CONF-ME 17 agus AD 9/26 CONF-ME 8 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 2 mar atá i bhfeidhm ón 30 Márta 2026. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi thráth a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 30 Márta 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN X**

**Liosta dá dtagraítear in Airteagal XX den Ionstraim Aontachais: bearta idirthréimhseacha**

**X. SAORGHLUAISEACHT DAOINE**

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí a dhéanamh faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

32011 R 0492: Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1).

1. I dtaca le saorghluaiseacht d'oibrithe agus saoirse seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe mar a shainítear in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE í, idir Montainéagró ar thaobh amháin, agus gach ceann de na Ballstáit láithreacha ar an taobh eile, ní bheidh feidhm go hiomlán ag Airteagal 45 CFAE agus ag an gcéad mhír d'Airteagal 56 CFAE ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar síos i míreanna 2 go 13.



PUBLIC

2. De mhaolú ar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus go dtí deireadh na tréimhse 4 bliana tar éis dháta an aontachais, féadfaidh na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta, nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, a chur i bhfeidhm, lena rialaítear rochtain náisiúnaigh Mhontainéagró ar a margaí saothair. Roimh dháta an aontachais, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún ina gcuirfear in iúl an gcuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh Mhontainéagró. Féadfaidh na Ballstáit láithreacha leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse 7 mbliana tar éis dháta an aontachais i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 3. In éagmais an fhógra thuasluaite, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh Mhontainéagró sna Ballstáit láithreacha.

   Náisiúnaigh Mhontainéagró atá ag obair go dleathach ar dháta an aontachais i mBallstát láithreach agus a ligeadh isteach i margadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse 12 mhí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair Ballstát eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm.

   Náisiúnaigh Mhontainéagró a ligfear isteach i margadh saothair Ballstáit láithrigh tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mhí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair Ballstát eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm.

   Scoirfidh náisiúnaigh sin Mhontainéagró dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír de thairbhiú de na cearta dá dtagraítear sna fomhíreanna sin má fhágann siad margadh saothair an Bhallstáit láithrigh ábhartha ar choinníoll go gcuireann an Ballstát sin bearta náisiúnta i bhfeidhm.

Náisiúnaigh Mhontainéagró atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ina gcuirtear bearta náisiúnta i bhfeidhm, agus a ligeadh isteach i margadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mhí, ní thairbheoidh siad de na cearta dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír fad a chuirfear na bearta náisiúnta i bhfeidhm.

3. Roimh dheireadh na tréimhse 4 bliana tar éis dháta an aontachais, déanfaidh an Chomhairle oibriú na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar síos i mír 2 a athbhreithniú ar bhonn tuarascáil ón gCoimisiún.

   Ach a dtabharfar an t-athbhreithniú sin chun críche, agus tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse 4 bliana tar éis dháta an aontachais, na Ballstáit sin a chinn, de bhua mhír 2, bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún ina gcuirfear in iúl an leanfaidh siad de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse 7 mbliana tar éis dháta an aontachais. In éagmais an fhógra sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh Mhontainéagró sna Ballstáit láithreacha lena mbaineann.

4. Arna iarraidh sin do Mhontainéagró, féadfar athbhreithniú amháin eile a dhéanamh tráth ar bith le linn na tréimhse 9 mbliana ó dháta an aontachais. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus tabharfar i gcrích é laistigh de 6 mhí ón tráth a gheofar an iarraidh ó Mhontainéagró.

5. Maidir le Ballstát a choinníonn bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha ar bun ag deireadh na tréimhse 7 mbliana dá dtagraítear i mír 2, i gcás ina dtarlóidh, nó inar baol go dtarlóidh, suaitheadh tromchúiseach ar a mhargadh saothair, agus tar éis dó fógra a thabhairt don Choimisiún, féadfaidh sé leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse 9 mbliana tar éis dháta an aontachais. In éagmais an fhógra sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh Mhontainéagró sa Bhallstát láithreach lena mbaineann.

6. Le linn na tréimhse 9 mbliana tar éis dháta an aontachais, na Ballstáit sin ina bhfuil feidhm, de bhua mhíreanna 2, 3, 4, 5 nó 11, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) 492/2011 i leith náisiúnaigh Mhontainéagró, agus a eisíonn ceadanna oibre do náisiúnaigh Mhontainéagró le linn na tréimhse sin chun críoch faireacháin, déanfaidh siad amhlaidh go huathoibríoch.

PUBLIC

7. Maidir le Ballstát ina bhfuil feidhm, de bhua mhíreanna 2, 3, 4, 5 nó 11, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 maidir le náisiúnaigh Mhontainéagró, i gcás ina dtarlaíonn nó ina bhfuil coinne le suaitheadh ina mhargadh saothair a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh don chaighdeán maireachtála, do na seirbhísí poiblí (cuir i gcás tithíocht, cúram sláinte nó slándáil shóisialta) nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, féadfaidh an Ballstát sin dul ar iontaoibh na nósanna imeachta a leagtar amach sa dara fomhír agus sa tríú fomhír den mhír seo go dtí deireadh na tréimhse 9 mbliana tar éis dháta an aontachais.

   Cuirfidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin agus tabharfaidh sé dóibh an fhaisnéis ábhartha uile lena dtugtar údar leis an gcinneadh dul ar iontaoibh na nósanna imeachta sin. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin iarraidh ar an gCoimisiún a dhearbhú go bhfuil cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 á fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthriocht. Tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis dó an iarraidh sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar thréimhse agus raon feidhme na fionraí agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl don Chomhairle. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de 2 sheachtain ón gcinneadh ón gCoimisiún, a iarraidh ar an gComhairle an cinneadh sin a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle i leith na hiarrata sin trí thromlach cáilithe laistigh de 2 sheachtain.

I gcásanna práinneacha eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a fhionraí, agus fógra réasúnaithe *ex-post* a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

8. Fad a bheidh cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ar fionraí de bhua mhíreanna 2, 3, 4, 5 agus 7 thuas, beidh feidhm ag Airteagal 23 de Threoir 2004/38/CE i Montainéagró i leith náisiúnaigh na mBallstát láithreach, agus sna Ballstáit láithreacha i leith náisiúnaigh Mhontainéagró, faoi na coinníollacha seo a leanas, a mhéid a bhaineann leis an gceart atá ag baill de theaghlaigh[1] oibrithe gabháil d'fhostaíocht:

— céile an oibrí agus a sliochtaigh a bheidh faoi bhun 21 bhliain d'aois nó a bheidh ina gcleithiúnaithe agus a mbeidh cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí ar chríoch Ballstáit ar dháta an aontachais, beidh acu, tráth an aontachais, rochtain láithreach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Níl feidhm aige seo maidir le baill de theaghlach oibrí a ligfear isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí,
— céile an oibrí agus a sliochtaigh a bheidh faoi bhun 21 bhliain d'aois nó a bheidh ina gcleithiúnaithe agus a mbeidh cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí ar chríoch Ballstáit ó dháta is déanaí ná dáta an aontachais, ach le linn na tréimhse ina gcuirfear bearta náisiúnta i bhfeidhm, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Bhallstáit ábhartha a thúisce a bheidh cónaí orthu sa Bhallstát ábhartha ar feadh 18 mí ar a laghad nó ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

Beidh na forálacha seo gan dochar do bhearta níos fabhraí, bíodh siad ina mbearta náisiúnta nó ina mbearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha.

[1] Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE.



PUBLIC

9. Sa mhéid a ghlacann forálacha Threoir 2004/38/CE ionad fhorálacha Threoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónaí sa Chomhphobal d'oibrithe ó na Ballstáit agus dá dteaghlaigh[2], agus sa mhéid nach bhféadfar iad a dhealú ó na forálacha sin de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a gcuirtear a chur i bhfeidhm siar de bhun mhíreanna 2, 3, 4, 5, 7 agus 8, féadfaidh Montainéagró agus na Ballstáit láithreacha maolú ar na forálacha sin a mhéid is gá chun míreanna 2, 3, 4, 5 agus 7 agus 8 a chur i bhfeidhm.

10. Aon uair a chuireann na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm de bhua na mbeart idirthréimhseach arna leagan síos thuas, féadfaidh Montainéagró bearta coibhéiseacha a choimeád i bhfeidhm i leith náisiúnaigh an Bhallstáit nó mBallstát atá faoi thrácht.

11. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm aige i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4, 5 agus 7, 8, 9, saorghluaiseacht is mó ná mar atá ann ar dháta an aontachais, lena n-áirítear rochtain iomlán ar mhargadh an tsaothair, a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm a chinneadh tráth ar bith Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a chur i bhfeidhm ina n-ionad. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoin gcinneadh sin.

12. Fad a chuireann siad bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm, de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach thuas, maidir le saorghluaiseacht oibrithe Mhontainéagró, féadfaidh an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Ostair, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, maolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 56 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun díriú ar shuaitheadh tromchúiseach in earnálacha íogaire seirbhíse sonracha i margaí saothair na Gearmáine, na hÍsiltíre agus na hOstaire, nó chun díriú ar bhagairt den sórt sin, a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiúin áirithe de dhroim soláthair trasnáisiúnta seirbhísí, mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE, agus an maolú sin á dhéanamh d'fhonn teorainn a chur, i gcomhthéacs seirbhísí a sholáthar ag cuideachtaí arna mbunú i Montainéagró, le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart gabháil le hobair sa Ghearmáin, san Ísiltír agus san Ostair faoi réir bearta náisiúnta.

---

2 IO L 257, 19.10.1968, lch. 13. Treoir arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33) agus arna haisghairm le héifeacht ón 30 Aibreán 2006 le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).



PUBLIC

Is mar a leanas atá liosta na n-earnálacha a d'fhéadfaí a fholú leis an maolú seo:

– sa Ghearmáin:

| Earnáil | Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara | Idir 45.1 agus 4;<br>Gníomhaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE |
| Glantachán tionsclaíoch | 74.70 Glantachán tionsclaíoch |
| Seirbhísí eile | 74.87 Gníomhaíochtaí maisitheoirí istigh amháin |

PUBLIC

(*) NACE: féach 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1).

– san Ísiltír:

| Earnáil | Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Táirgeadh barr agus ainmhithe, sealgaireacht agus gníomhaíochtaí seirbhísí gaolmhara | Rannáin 01 |
| Earnáil an bhia | Rannáin 10 |
| Foirgníocht | Roinn F |
| Lóistíocht | Rannáin 49 |
| | Rannáin 53 |
| Dáileadh | Rannáin 52 |
| Fostaíocht | Rannáin 78 |

(*) NACE: féach 32006 R 1893: Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha d'Athbhreithniú 2 NACE agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1)

– san Ostair

| Earnáil | Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Gníomhaíochtaí seirbhíse gairneoireachta | 01.41 |
| Gearradh, deilbhiú agus bailchríochnú cloiche | 26.7 |
| Monarú struchtúr miotail agus codanna de struchtúir | 28.11 |
| Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara | Idir 45.1 agus 4;<br>Gníomhaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE |
| Gníomhaíochtaí slándála | 74.60 |
| Glantachán tionsclaíoch | 74.70 |
| Altranas tí | 85.14 |
| Obair shóisialta agus gníomhaíochtaí gan chóiríocht | 85.32 |

(*) NACE: féach 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1).

PUBLIC

I gcás suaitheadh tromchúiseach agus leanúnach in earnálacha seirbhíse íogaire ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiúin áirithe de dhroim soláthair thrasnáisiúnta seirbhísí, mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE, féadfaidh aon Bhallstát láithreach, fad atá feidhm aige de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos thuas, bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha maidir le saorghluaiseacht oibrithe Mhontainéagró, a iarraidh ar an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh maidir le leathnú raon feidhme an mhaolaithe ón gcéad mhír d'Airteagal 56 CFAE don earnáil seirbhísí faoi seach agus ré an mhaolaithe, tar éis dó an fhaisnéis ábhartha uile lena dtugtar údar maith leis an maolú a sholáthar dó agus do na Ballstáit eile. Tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis dó an iarraidh sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le síneadh a chur le raon feidhme an mhaolaithe agus maidir lena ré agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl don Chomhairle. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de 2 sheachtain ón gcinneadh ón gCoimisiún, a iarraidh ar an gComhairle an cinneadh sin a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle i leith na hiarrata sin trí thromlach cáilithe laistigh de 4 seachtaine.

A mhéid a mhaolaíonn Ballstát ar an gcéad mhír d'Airteagal 56 CFAE i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, leis an dara fomhír agus leis an tríú fomhír den mhír seo, féadfaidh Montainéagró, tar éis dó fógra a thabhairt don Choimisiún, bearta coibhéiseacha a dhéanamh.

Ní bheidh de thoradh ar éifeacht an mhír seo a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha do ghluaiseacht shealadach oibrithe idir an Ballstát sin agus Montainéagró ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

13. Ní bheidh de thoradh chur i bhfeidhm mhíreanna 2, 3, 4, 5 agus 7 go 11 go mbeidh na coinníollacha maidir le rochtain náisiúnaigh Mhontainéagró ar mhargaí saothair na mBallstát láithreach níos sriantaí ná na coinníollacha is infheidhme ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

D'ainneoin chur i bhfeidhm na bhforálacha arna leagan síos i míreanna 1 go 12, le linn aon tréimhse ina gcuirtear bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fabhar d'oibrithe is náisiúnaigh de na Ballstát seachas oibrithe is náisiúnaigh de thríú tíortha i dtaca le rochtain ar a margadh saothair.

Maidir le hoibrithe imirceacha ó Mhontainéagró agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach i mBallstát eile agus oibrithe imirceacha ó Bhallstáit eile agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach i Montainéagró, ní chuirfear cóir níos sriantaí orthu ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach sa Bhallstát sin nó i Montainéagró, faoi seach. Thairis sin, agus prionsabal fhabhar an Aontais á chur i bhfeidhm, ní chuirfear cóir níos fabhraí ar oibrithe imirceacha ó thríú tíortha a mbeidh cónaí orthu agus a bheidh ag obair i Montainéagró ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh Mhontainéagró.

PUBLIC